

Aighneacht

Oidhreacht Éireann 2030

Cúlra

Mar eagraíocht atá ag cosaint agus ag cur chun cinn na Gaeilge le níos mó ná 125 bliain, tá tuiscint mhaith ag Conradh na Gaeilge ar chúrsaí oidhreachta. Feicimid go bhfuil ról lárnach ag an nGaeilge maidir le cúrsaí oidhreachta. Is í an teanga an ghné is tábhachtaí de aon chultúr. As an teanga a fhásann cultúr. Le níos lú ná 250 bliain a bhfuil an Béarla á labhairt ag móramh daonra na tíre, agus fiú amháin ansin bhí agus tá ceantair ina bhfuil an Ghaeilge mar phríomhtheanga an pobal. I ngach teanga bíonn eolas bailithe ag an bpobal thar na glúine a chuireann leis an bpobal sin agus a tugann uathúlacht don gcultúr agus an pobal sin. Ina measc an t-eolas a fhorbraítear sa phobal sin bíonn litríocht, stair, eolaíocht, ceol, srl. Tá tagairtí den Ghaeilge a théann siar go dtí an 3ú h-aois a léiríonn go bhfuil ar a laghad 1,800 bliain d'oidhreacht ann sa Ghaeilge. Dá bharr, seo iad na moltaí atá againn chun oidhreacht na Gaeilge a chosaint agus a chaomhnú:

Moltaí

1. Caithfear breis infheistíocht a dhéanamh chun oidhreacht a chaomhnú. Go dtabharfar breis airgead don nGaeltacht, trí na liúntais agus deontais éagsúla a bhaineadh ó 2008 a chur ar ais.
2. Tá an-obair déanta maidir le dúchas.ie. Tá gá leis an suíomh a innéacsú. Freisin b'fhiú go mbeidh na Cartlann Béaloideas atá ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Ollscoil na hÉireann, Corcaigh curtha san áireamh sa suíomh sin agus aon Chartlann Béaloideas eile atá timpeall na tíre. Freisin tá gá le níos mó daoine a fhostú sa Chartlann béaloideas chun obair páirce a dhéanamh, ionas nach bhfuilimid ag cailliúint amach ar aon ghné dár n-oidhreacht Gaeilge a bhfuil á choimeád i mBéaloideas na hÉireann
3. Tá gá le forbairt a dhéanamh ar logainm.ie ar na logainmneacha sna 6 chontae. Is minic nach mbíonn logainm sna 6 chontae ar fáil ar an leathanach sin. Caithfear aitheantas ceart a thabhairt do logainmneacha na tíre, trí Choimisiún na Logainmneacha a bhunú arís.
4. B'fhiú tionscadail digitiú a dhéanamh ar lámhscríbhinní uilig Gaeilge Acadamh Ríoga na hÉireann agus na háiteanna eile a bhfuil lámhscríbhinní ann ar nós Coláiste na Tríonóide, ionas go mbeidh cnuasach eolais a bhailigh na Gaeil thar na mílte bliain ar fáil don phobal uilig.
5. Gach iris agus nuachtáin trí Ghaeilge a foilsíodh a chur ar fáil ar líne freisin. De réir dealraimh tá thart ar 360 iris agus nuachtán a foilsíodh i nGaeilge amháin, go dátheangach nó fiú amháin go trí theangach ó 1795. Freisin na hailteanna Gaeilge a bhí i nuachtáin agus irisí eile, ar nós The Irish Times agus na nuachtáin áitiúla eile.
6. Go mbeidh gach clár raidió Gaeilge a chraoladh a chur ar suas ar líne. Beadh RnaG, RTÉ, Raidió na Life, Raidió Fáilte agus Raidió na dTreabh san áireamh ansin. Freisin bheadh cláir Gaeilge ag na stáisiúin raidió áitiúla san áireamh ansin.

7. Go mbeidh gach clár teilifíse Gaeilge a chraoladh a chur suas ar líne. Bheadh RTÉ, TG4 san áireamh chomh maith le aon fhíseáin roimh bhunú na stáisiúin sin.
8. Go mbeidh gach leabhar Gaeilge a bhfuil an cóipcheart imithe air curtha suas ar líne.
9. Go mbeidh gach dráma Gaeilge curtha suas ar líne is cuma cén meáin a bhaineann sé le, ie clóite, raidió agus teilifís.
10. Suímh idirlíon trí Ghaeilge a chruthaíodh thar na blianta a chur ar fáil in áit amháin mar chartlann. Beidh siad uile ar fáil ar an Internet archive ar aon nós.
11. Gach cáipéis a chruthaigh an Rialtas trí Ghaeilge ó a mbunaíodh an Stát, ina measc tuairiscí, polasaithe, straitéis, reachtaíocht, srl.
12. Inneall cuardaigh 'Google na Gaeilge' a chruthú chun teacht ar an ábhar seo uile. Bheadh seo mar acmhainn iontach do staraithe agus taighdeoirí uile.
13. Go gcaithfear critéir Gaeilge (ie go gcaithfidh Gaeilge a bheith acu, de chaighdeán B2 TEG ar a laghad) a leagadh síos le post mar staraí a phléann le Stair na hÉireann a fháil.
14. Go mbeidh an Ghaeilge lárnach i ngach gné d'imeachtaí cultúrtha agus oidhreachta, mar shampla téarmaíocht Gaeilge a úsáid i ngníomhaíochtaí cultúrtha ar nós CLG, Ceol, fiú amháin séadchomharthaí, m.sh. Brú na Bóinne seachas Newgrange, Sceilig Mhichíl seachas Skellig Michael.
15. Gach gnímh a déantar i dtaobh cúrsaí oidhreachta de, tá gá le iniúchadh sochtheangeolaíochta a dhéanamh chun cinntiú nach bhfuil an gnímh ag déanamh dochar don nGaeilge.
16. Gá le heagraíocht a bhunú chun breathnú ar ainmneacha agus sloinnte muintir na hÉireann. Beidh siad in ann taighde a dhéanamh ar na hainmneacha agus sloinnte agus gach eolas a bhailiú maidir le sin. Beidh siad in ann leagan Gaelach oifigiúil a thabhairt d'ainmneacha agus sloinnte eachtrannach nuair a iarrann an phobal. Beidh sé seo mar chuidiú mór do ghinealeolaithe. Tá gá freisin taighde a dhéanamh ar na foinsí Gaeilge sa ginealeolaíocht agus iarracht iad a nasctha le clann an lae inniu a bhfuil na foinsí go príomhdha i mBéarla, ionas gur féidir leanúnachas a léiriú agus dul níos faide i fréamhacha clainne.

Conclúid

Trí na moltaí seo a chur i bhfeidhm beidh céim mhór chun tosaigh déanta chun an Oidhreacht Ghaelach a chaomhnú. Tá eolas bailithe ag na Gaeil nach bhfuil aitheanta ag an gcóras oideachais fhoirmiúil, beidh na moltaí seo in ann áis iontach a chur ar fáil do thaighdeoirí amach anseo.